

OLLSCOIL NA hÉIREANN

THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

TÉACS NA HÓRÁIDE A THUG AN TOLLAMH TADHG Ó CIARDHA, M.A., PH.D., 14 AIBREÁN, 1966 AR ÓCAID AN CHÉIM LL.D. *Honoris Causa* DO BHRONNADH AR GHEARAILTÍN BEAN THOMÁIS UÍ DHIOLÚIN.

A SHEANSAILÉIR ONÓRAIGH AGUS A MHUINTIR OLLSCOIL NA hÉIREANN FRÉ CHÉILE:

Saolaíodh Seosamh Máire Pluincéad i mBaile Átha Cliath an 21ú Samhain, 1887. Bá é an mac ba shine é ag George Noble Count Plunkett agus a bhean céile Seosaimhín. Do ghoill an tsláinte go mór air as a óige, rud a fhág a rian ar a thabhairt suas agus ar a chuid oideachais. Teagascóirí páirt-aimsire is mó a mhúin é i dtosach ama. Ina dhiaidh sin chaith sé tréimhsí ar Scoil na hOllscoile Caitlicí, ar Coláiste Belvedere agus ar Stoneyhurst.

Cé gurbh fheidhmeannach de chuid rialtais Shasana a athair, náisiúnaí abea é ar mhian leis an ceangal le Sasana a bhriseadh. Fear abea an t-athair, chomh maith, a raibh caitheamh i ndiaidh na litríochta agus na h-ealaíne aige. Níorbh' aon ionadh é, mar sin, meon den tsaghas céanna a bheith ag a mhac, Seosamh. Chuir sé sin eolas grinn ar mhórán gnéithe den litríocht agus den ealaín, agus, mar is eol do chách, file abea é a raibh mianach thar an gnáth ann. I gcomhair le Éamonn Máirtín agus Tomás Mac Donnchadha, do bhunaigh sé an *Irish Theatre* i Sráid Hardwicke, agus sa bhliain 1913 cheannaigh sé agus dhein eagarthóireacht ar an *Irish Review*. Is é Tomás Mac Donnchadha a ullmhaigh le haghaidh a fhoilsithe *The Circle and the Sword*, leabhar de dhánta Sheosaimh Pluincéad. Do bhuail an bheirt acu seo le chéile nuair a tháinig Tomás Mac Donnchadha chun Gaeilge a mhúineadh don bPluincéadach. Ina dhiaidh sin d'éirigh caradas buan eatarthu.

Bhí baint ag Seosamh Pluincéad le bunú na nÓglach agus toghadh ina bhall é den chéad Choiste Feidhmitheach a bhí acu. Cheangail sé, chomh maith, le Bráithreachas Poblachta na hÉireann, agus, sa bhliain 1915, chuaigh sé mar thoscaire uathu seo go Meiriceá agus go dtí an Mhór-roinn (mar ar bhuail sé le Ruairí Mac Easmáinn). Ball abea é de Chomhairle Mhíleata an Bhráithreachais a bhí i mbun na n-ullmhúchán don Éirí Amach. D'fhág an méid seo go léir gur chaith sé, de réir a chéile, a chúl a thabhairt le saothrú na litríochta. Staidéar ar an eolaíocht mhíleata is mó a bhí ag déanamh cúraim do i ndeireadh a shaoil. Ag an gcéad chruinniú féin den Chomhairle Mhíleata do leag sé plean míleata ós a gcomhair le haghaidh an Éirí Amach, plean a mhol an Conghaileach go h-ard. Ceapadh an Pluincéadach ina Stiúrthóir ar Oibríochtaí Míleata ina dhiaidh sin.

An tseachtain roimh an Cháisc, 1916, bhí Seosamh Pluincéad i dteach banal-tranais i mBaile Átha Cliath agus é an-bhreoite. Bhí sprid dochloíte sa bhfear, áfach—níor ghéill sé riamh do laige a choirp. D'éirigh sé as a leabaidh agus d'imigh chun páirt a ghlacadh san Éirí Amach in Ard-Oifig an Phoist. Ba é ba óige dóibh siúd a chuir a n-ainmneacha le Forógra na Poblachta. Go moch ar maidin, an ceathrú lá Bealtaine, 1916, cuireadh chun báis é i bPríosún Chill Mhaighneann. Roint uaireanta an chloig roimhe sin phós sé Grace Gifford.

Tugann Ollscoil na hÉireann ómós iarbháis do Sheosamh Pluincéad inniu tríd an chéim seo a bhronnadh ar a dheirfiúr Gearailtín, Bean Thomáis Uí Dhiolúin. Is duine í Bean Uí Dhiolúin a thuilleann ár meas ar mhórán cúinsí. Tá sean-cheangal idir í féin, dar ndóigh, agus an Ollscoil: ollamh abea a fear céile i gColáiste na Gaillimhe, agus ollamh i gColáiste Chorcaí abea fear céile a h-iníne. Ach is de bharr an ceangal speisialta caradais a bhí idir í féin agus a deartháir Seosamh is mó a chuireann sé áthas orainn céim a bhronnadh uirthi inniu. Ba í sin thar aon duine eile den líontí a bhí ina theannta idir 1912 agus an Éirí Amach. Dhein sí ionad teachtaire do; agus is í is tuisce, go minic, a chuala a chuid rún. Is mórtas linne, mar sin, onóir a thabhairt don té ba dheirfiúr agus ba chara do Sheosamh Máire Pluincéad.

PRAEHONORABILIS CANCELLARIE, TOTAQUE UNIVERSITAS :

Praesento vobis hanc meam filiam quam scio tam moribus quam doctrina habilem et idoneam esse qui admittatur *honoris causa* ad Gradum Doctoratus in Utroque Jure, tam Civili quam Canonico ; idque tibi fide mea testor ac spondeo totique Academiae.